



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Meán Fómhair 2022
(OR. en)

12480/22

LIMITE

CORLX 806
CFSP/PESC 1168
RELEX 1190
COEST 656
FIN 927

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0292(NLE)

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	14 Meán Fómhair 2022
chuig:	Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	JOIN(2022) 41 final
Ábhar:	Togra comhpháirteach le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 692/2014 a bhaineann le bearta sriantacha mar fhreagairt ar an ionghabháil neamhdhleathach ar an gCrimé agus Sevastopol

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad JOIN(2022) 41 final.

Faoi iamh: JOIN(2022) 41 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

ARDIONADAÍ AN AONTAIS
DO GHNÓTHAÍ
EACHTRACHA AGUS DON
BHEARTAS SLÁNDÁLA

An Bhruiséil, 14.9.2022
JOIN(2022) 41 final

2022/0292 (NLE)
SENSITIVE*

Togra comhpháirteach le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 692/2014 a bhaineann le bearta sriantacha mar
fhreagairt ar an ionghabháil neamhdhleathach ar an gCrimé agus Sevastopol**

* Distribution only on a 'Need to know' basis - Do not read or carry openly in public places. Must be stored securely and encrypted in storage and transmission. Destroy copies by shredding or secure deletion. Full handling instructions <https://europa.eu/db43PX>

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

- (1) Le Rialachán (AE) Uimh. 692/2014 a bhaineann le bearta sriantacha mar fhreagairt ar an ionghabháil neamhdhleathach ar an gCrimé agus Sevastopol, tugtar éifeacht do bhearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/386/CBES ón gComhairle.
- (2) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le Cur Chun Feidhme Rialachán (AE) Uimh. 692/2014 ón gComhairle, ba cheart cumhachtú don Choimisiún leasú a dhéanamh ar an Iarscríbhinn ina mbeidh sonraí teagmhála údaráis inniúla na mBallstát agus an seoladh le haghaidh fógraí chuig an gCoimisiún.
- (3) Ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 692/2014 ón gComhairle a ionadú.
- (4) Tagann na leasuithe sin faoi raon feidhme an Chonartha agus, dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais chun iad a chur chun feidhme, go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm iad go haonfhoirmeach i ngach Ballstát.
- (5) Molann Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus an Coimisiún Eorpach Rialachán (AE) Uimh. 692/2014 a leasú dá réir sin.

Togra comhpháirteach le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 692/2014 a bhaineann le bearta sriantacha mar fhreagairt ar an ionghabháil neamhdhleathach ar an gCrimé agus Sevastopol

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh 2014/386/CBES an 23 Meitheamh 2014 a bhaineann le bearta sriantacha mar fhreagairt ar an ionghabháil neamhdhleathach ar an gCrimé agus Sevastopol¹,

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 23 Meitheamh 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/386/CBES agus Rialachán (AE) Uimh. 692/2014² a bhaineann le bearta sriantacha mar fhreagairt ar an ionghabháil neamhdhleathach ar an gCrimé agus Sevastopol.
- (2) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le Cur Chun Feidhme Rialachán (AE) Uimh. 692/2014 ón gComhairle, ba cheart cumhachtú don Choimisiún leasú a dhéanamh ar an Iarscríbhinn ina mbeidh sonraí teagmhála údaráis inniúla na mBallstát agus an seoladh le haghaidh fógraí chuig an gCoimisiún.
- (3) Ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 692/2014 ón gComhairle a ionadú freisin.
- (4) Tagann na leasuithe sin faoi raon feidhme an Chonartha agus, dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais chun iad a chur chun feidhme, go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm iad go haonfhoirmeach i ngach Ballstát.
- (5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 692/2014 ón gComhairle a leasú dá réir sin.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 692/2014 mar a leanas:

- (1) in Airteagal 1, pointe (e), cuirtear an téarma ‘an Iarscríbhinn’ in ionad ‘Iarscríbhinn I’;
- (2) in Airteagal 9, míreanna 1 agus 3, cuirtear ‘Iarscríbhinn I’ in ionad ‘an Iarscríbhinn’;
- (3) in Airteagal 9, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

¹ IO L 183, 24.6.2014, lch. 70.

² IO L 183, 24.6.2014, lch. 9.

‘4. Cumhachtófar don Choimisiún Iarscríbhinn I a leasú ar bhonn na faisnéise a sholáthróidh na Ballstáit.’

- (4) Cuirtear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*